# Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach

12

## Croíbhealach Bus Rogha Bealaigh

Comhairliúchán poiblí
Márta 2020



Project Ireland 2040
Building Ireland's Future

BUS CONNECTS
MORE PEOPLE, TO MORE PLACES, MORE OFTEN.


P

# Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Réamhrá** | **1** |
| 1.1 | Cad a tharla go dtí seo? | 1 |
| 1.2 | Cad é BusConnects? | 1 |
| 1.3 | Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an tionscadal seo? | 3 |
| 1.4 | Tuiscint a fháil ar an téarmaíocht | 5 |
| 1.5 | Léarscáil de na 16 chonair bus lárnach | 6 |
| **2.** | **Cur Síos ar an Rogha Bealaigh** | **7** |
| 2.1 | Achoimre | 7 |
| 2.2 | Bóthar an Gharráin Chnó go Bóthar Thír an Iúir Thuaidh – Bóthar an Gharráin, Bóthar Ráth Fearnáin | 8 |
| 2.3 | Bóthar Thír an Iúir Thuaidh go Bóthar Charleville – Bóthar Thír an Iúir Thoir, Bóthar Rath Garbh | 9 |
| 2.4 | Bóthar Charleville go Sráid an Dáma | 9 |
| 2.5 | Athruithe Ábhartha ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar atá Foilsithe | 11 |
| 2.6 | Príomhfhíricí | 11 |
| **3.** | **Conas páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí** | **13** |
| 3.1 | Ceisteanna ginearálta | 13 |
| 3.2 | Conas páirt a ghlacadh | 13 |
| 3.3 | Cad a tharlóidh ina dhiadh sin? | 13 |
| **4.** | **Aguisíní** | **15** |
| 4.1 | Treoir-léarscáil | 16 |
| 4.2 | Léarscáileanna Bealaigh | 18 |

# 1. Réamhrá

## 1.1 Cad a tharla go dtí seo?

Idir Samhain 2018 agus Bealtaine 2019, thug an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) faoin gcéad bhabhta den chomhairliúchán poiblí ar mholtaí tosaigh do na Bealaí is Dealraithí a Roghnófar don sé Chonair Bus Lárnacha déag ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (MBÁC). Le linn na céime comhairliúcháin seo, fuarthas trí chéad déag aighneacht ar an iomlán. Tá Tuarascáil ar Aighneachtaí Comhairliúcháin le haghaidh gach conaire ar fáil le féachaint uirthi agus lena híoslódáil ar ár suíomh gréasáin, www.busconnects.ie.

Rinneadh athbhreithniú agus plé ar gach aighneacht mar chuid den ullmhúchán deartha don Rogha Bealaigh le haghaidh gach conaire. Rinneamar leasú ar ár moltaí tosaigh chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na saincheisteanna a cuireadh in iúl in aighneachtaí, lena n-áirítear moltaí ó dhaoine áitiúla, ghrúpaí pobail agus pháirtithe leasmhara. Anois táimid ag foilsiú na Roghanna Bealaigh do na sé cinn déag de Chonairí Bus Lárnacha agus ag cur túis leis an dara babhta den chomhairliúchán poiblí.

Is doiciméad amháin é seo i sraith de sé dhoiciméad déag, agus gach ceann acu tiomnaithe do phríomhchonair bus ar leith.


Soláthraíonn an doiciméad cur síos scríofa ar an Rogha Bealaigh ó thús go deireadh, agus léirscáileanna tacaíochta in éineacht leis sin, chomh maith le heolas faoi aon leasú a rinneadh, má rinneadh ceann ar bith, ar an mbealach is dealraithí a roghnófar.

Tá na bróisiúir bhunaidh inar ndearnadh cur síos ar na Bealaí is Dealraithí a Roghnófar ar fáil le breathnú orthu agus le híoslódáil ar ár suíomh gréasáin, www.busconnects.ie. Tá eolas sna bróisiúir sin faoin bpróiseas maidir le húinéirí réadmhaoine a mbeidh tionchar orthu, faoi na sceidil tionscadail agus faoi na céimeanna atá ag teastáil don iarratas pleanála reachtúil.


## 1.2 Cad é BusConnects?

Is é BusConnects clár de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair chun feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus. Is cuid lárnach de bheartais an Rialtais chun feabhas a chur ar iompar poiblí agus aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide i mBaile Átha Cliath agus cathracha eile é BusConnects. Tá sé san áireamh sna straitéisí beartais seo a leanas de chuid an Rialtais:

- An Plean Forbartha Náisiúnta 2018- 2027;
- Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016 - 2035; agus
- An Plean Gníomhaíochta um an Athrú Aeráide 2019.








Tá Baile Átha Cliath ag fás agus tá gá aici le líonra bus a oibríonn do chathair atá ag forbairt. Tá sé mar aidhm ag BusConnects córas feabhsaithe bus a sholáthar atá níos fearr don chathair, dá daoine agus don chomhshaol. Tá BusConnects deartha le seirbhís bus atá níos fearr, níos iontaofa agus níos éifeachtaí a sholáthar do gach duine.

# BusConnects: Spléachadh ar na fíricí

**230km** de chonairí bus nua a dhéanfaidh turais níos tapa agus níos iontaofa

**200km** de raonta rothar nua

Aistriú i dtreo
**fhlít nua busanna le leibhéal íseal astaíochtaí**

**Córas ticéad**
den chineál is úire

**Córas Íocaíochta gan airgead tirim**

**Struchtúr táille níos simplí**


**Suíomhanna nua Páirceála agus Taistil**
in áiteanna tábhachtacha

**Libhré busanna nua**
a chur ar fáil i stíl choitianta thar na hoibreoirí ar fad

**Stadanna agus foscadáin bus nua**
le comharthaíocht agus eolas níos fearr

**Athdhearadh an líonra bus i gceantar Bhaile Átha Cliath**
a chruthóidh líonra níos éifeachtaí ina mbeidh dromlaigh ardmhinicíochta, cuarbhealaí nua agus níos mó seirbhísí bus nua

## 1.3 Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an tionscadal seo?




### Am turais a shábhálfar -

sábhálfaidh an tionscadal seo 40-50% ar amanna turais ar na conairí. Féadfaidh lánaí bus tiomnaithe agus raonta rothar méadú suntasach a dhéanamh ar luas agus iontaofacht taistil ar bhusanna.



### Cathair inbhuanaithe a thógáil agus dul i ngleic leis an athrú aeráide -

Is tosaíocht d'Éirinn é aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an athraithe aeráide agus is príomhghné den réiteach atá aici daoine a spreagadh chun an córas iompar phoiblí a úsáid.



### Inrochtaineacht do gach duine -

Níos mó foscadán bus, ina bhfuil suíocháin más féidir, cosáin nua agus eolas níos fearr ag stadanna bus; mar sin, beidh sé níos éasca orainn go léir, daoine scothaosta agus daoine a bhfuil mallachar gluaiseachta orthu san áireamh, úsáid a bhaint as an bhflít bus atá go hiomlán inrochtana.



### Áiseanna rothar níos fearr –

Mar chuid den tionscadal seo, cuirfear ar fáil áiseanna rothar a bhfuil géarghá leo ar fud réigiún na cathrach agus beidh os cionn 200 km d'áiseanna ardchaighdeáin rothar curtha ar fáil.



### Coisithe agus Réimsí Uirbeacha -

Cuirfear feabhas ar chosáin, ar shiúlbhealaí agus ar thrasrianta coisithe ar feadh gach bealaigh. Cuirfear maoiniú agus infheistíocht ar fáil do lárionaid uirbeacha áitiúla agus soláthrófar thírdhreachú agus taithneamhachtaí allamuigh breise.

## 1.4 Tuiscint a fháil ar an téarmaíocht

### 1. Conair Bus Lárnach (CBL):

Mar chuid den Chlár BusConnects, cruthófar 16 chonair bus lárnach (CBL) gathacha. Is éard is CBL ann ná bóthar atá ann cheana féin ar a dtugtar tús áite do bhusanna ionas gur féidir le busanna oibriú ar bhealach éifeachtúil, iontaofa agus poncúil. Den chuid is mó, is éard atá i gceist leis sin ná lánaí bus lánfhada tiomnaithe ar an dá thaobh den bhóthar ó thús go deireadh gach conaire, nó bearta eile chun a chinntiú nach gcuirtear moill ar bhusanna mar gheall ar ghnáthbhrú tráchta. Beidh na lánaí bus taobh le lánaí/raonta rothar scartha, más féidir, agus trácht ginearálta.

### 2. Raonta Rothar Scartha:

Is píosa ar leith den bhóthar é raon rothar scartha atá le húsáid ag rothair amháin. De ghnáth, baintear úsáid as colbha fisiciúil chun an spás seo a scaradh ó thrácht feithiclí. Murar féidir raonta rothar scartha a chur ar bun mar gheall ar spás, cuirfear bóithre ciúine agus rothaíocht roinnte ar bhóithre le luas laghdaithe ar fáil mar rogha do rothaithe.

### 3. An Bealach is Dealraithí a Roghnófar:

D'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair pleananna achoimre do gach ceann de na 16 chonair bus lárnach (CBL) i bpróiseas comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil in 2018/2019. Tugadh Bealaí is Dealraithí a Roghnófar ar na roghanna sin, agus i gcásanna áirithe bhí níos mó ná fo-rogha amháin, chun eolas a chur ar fáil don phobal maidir leis an leagan amach is dócha a bheidh ar an mbóthar agus an bonneagar CBL riachtanach i bhfeidhm. Áiríodh leo sin na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar ghairdíní tosaigh agus na hathruithe is dócha a dhéanfar ar conas a fheidhmíonn an trácht chun éascaíocht a dhéanamh ar thús áite a thabhairt do bhusanna.

### 4. An Rogha Bealaigh Is Fearr Linn:

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar na haighneachtaí poiblí faoi na 16 Bhealach is Dealraithí a Roghnófar, tá athbhreithniú agus leasú déanta ar na moltaí maidir leis na conairí bus lárnacha. Tá siad á gcur i láthair anois mar an Rogha Bealaigh Is Fearr Linn agus tá siad faoi réir dhara babtha den chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil. Ní moltaí deiridh iad mar tá siad faoi réir plé bhreise tar éis an dara babhta den chomhairliúchán poiblí agus, ina dhiaidh sin, tá siad faoi réir scrúdaithe i gcomhthéacs an mheasúnacht tionchair timpeallachta.

### 5. Geata Bus




Is éard is Geata Bus ann ná píosa gearr de lána bus aonair ar a bhfuil cuaillí eolais. Níl cead ach ag busanna, tacsaithe agus rothaithe amháin, chomh maith le feithiclí éigeandála, úsáid a bhaint as an bpíosa gearr sin den bhóthar. Déanann sé éascaíocht ar thús áite do bhusanna trí thréthrácht ginearálta a bhaint ar an mbóthar ar a bhfuil an geata bus lonnaithe. Tabharfaidh comharthaí treoir don trácht ginearálta dul ar mhalairt slí chuig bóithre eile sula mbainfidh siad an geata bus amach.

## 6. Tosaíocht faoi Rialú Soilse Tráchta (TRST):

Le Tosaíocht faoi rialú Soilse Tráchta, baintear úsáid as soilse tráchta chun cur ar chumas busanna tús áite a fháil roimh thrácht eile ar phíosaí den bhóthar ar a bhfuil lánaí singile ach ní bhíonn sé sin éifeachtach ach ar feadh achar gearr. De ghnáth, úsáidtear iad áit nach féidir leanúint ar aghaidh leis an lána bus mar gheall ar bhacainní ar an mbóthar. Mar shampla, áit a bhfuil caolais bhóthair ann mar gheall ar fhoirgnimh nó struchtúir atá ann nach féidir iad a leagan chun an bóthar a leathnú ar mhaithe le lána bus. Oibríonn sé trí mheán rialuithe soilse tráchta (ag acomhail, de ghnáth) áit nach mór don lána bus agus don lána tráchta ghinearálta teacht le chéile agus an bóthar a roinnt ar feadh achar gearr go dtí go dtosaíonn an lána bus arís níos déanaí. Cuirfear stop leis an trácht ginearálta ag an acomhal chun ligean don bhus dul tríd an bpíosa cúng ar dtús, agus tar éis don bhus dul tríd an bpíosa sin ligfear don trácht ginearálta leanúint ar aghaidh.

## 7. Trasrian Túcánach:

Is trasrian bóthair é trasrian túcánach atá deartha chun cur ar chumas coisithe agus rothaithe an bóthar a thrasnú de réir soilse rialaithe atá deartha go sainiúil.

## 8. Úsáid Sráideanna Ciúine:

Murar féidir le leithead na conaire bus lárnaí (CBL) éascaíocht a dhéanamh ar rothaithe gan cur isteach go mór ar thosaíocht do bhusanna, déantar scrúdú ar rianta rothar eile amach ón mbealach bus CBL ar feadh achar gearr.I measc na roghanna as líne sin, d'fhéadfadh go dtreorófaí rothaithe chuig sráideanna ar a bhfuil líon an-bheag de thrácht ginearálta taobh amuigh d'úsáideoirí cairr a chónaíonn ar an tsráid. Tugtar Sráideanna Ciúine orthu mar gheall ar an líon beag de thrácht ginearálta a bhíonn orthu, agus meastar gur cuí go roinnfeadh rothaithe an bóthar leis an trácht ginearálta gan aon ghá raonta rothar scartha a thógáil ná lánaí rothar péinteáilte a chur ann. Má úsáidtear Sráideanna Ciúine, cuirfear comharthaí comhairleacha ar fáil d'úsáideoirí ginearálta bóthair agus rothaithe araon.

**Tosaíocht faoi Rialú Soilse Tráchta (TRST):**



1. 1. Téann trácht ar aghaidh de réir mar is gnách.



2. 2.Mar a thagann an bus i dtreo na soilse, athraíonn an solas tráchta chun stop a chur leis an trácht ginearálta.



3. 3.Tá cead bealaigh ag an mbus chun dul ar aghaidh.



4. Tar éis don bhus dul tríd an acomhal, téann an trácht ginearálta ar aghaidh.

## 9. Réimse Uirbeach:

Déanann Réimse Uirbeach tagairt do spásanna sráide a úsáideann daoine gach lá chun bóithre a thrasnú, siopadóireacht a dhéanamh, bualadh le chéile le daoine, chun a bheith ag spraoi, agus le haghaidh gníomhaíochtaí cosúil le siúl, aclaíocht agus ag dul ag obair nó ag teacht abhaile ón obair. Clúdaíonn an Réimse Uirbeach gach sráid, cearnóg, acomhal, agus ceart bealaigh, cibé acu an úsáidtear iad chun críocha cónaithe, tráchtála nó sibhialta. Má tá sé deartha go maith agus leagtha amach go cúramach i suíomh an phobail, cuireann sé feabhas ar shaol laethúil na gcónaitheoirí agus na ndaoine a théann tríd an áit. De ghnáth, baineann sé le gach cuid den timpeallacht thógtha atá faoin aer a bhfuil saorchead isteach ag an bpobal ina leith. Áirítear leis suíocháin, crainn, plandáil agus gnéithe eile a chuireann feabhas ar an spás ar mhaithe le các.

## 1.5 Léarscáil de na 16 chonair bus lárnach go léir

### Roghanna Bealaí

1. Cluain Ghrífín go Lár na Cathrach
2. Sord go Lár na Cathrach
3. Baile Munna go Lár na Cathrach
4. Fionnghlas go Baile Phib
5. Baile Bhlainséir go dtí An Lár
6. Leamhcán go Lár na Cathrach
7. Gleann na Life go Lár na Cathrach
8. Cluain Dolcáin go Droimeanach
9. Na Glaschnoic go Lár na Cathrach
10. Tamhlacht go Tír an Iúir
11. Camaigh go Lár na Cathrach
12. Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach
13. Bré go Lár na Cathrach
14. UCD Droichead na Dothra go Lár na Cathrach
15. An Charraig Dhubh go Muirfin
16. An Rinn go Lár na Cathrach



# 2. Cur Síos ar an Rogha Bealaigh

## 2.1 Achoimre

Cuirfear tús leis an gConair Bus Lárnach (CBL) ó Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach ar Bhóthar na Gráinsí an R821 ag an acomhal le hAscaill an Gharráin Chnó.

Seolfar an CBL trí Bhóthar na Gráinsí, Bóthar Ráth Fearnáin, Bóthar Thír an Iúir Thoir, Bóthar Ráth Garbh, Bóthar Ráth Maonais Íochtarach, Sráid Richmond Theas, Sráid Camden Uachtarach agus Íochtarach, agus Sráid Chill Mhantáin, chomh fada lena hacomhal le Sráid Chaoimhín Íochtarach agus Sráid Cuffe, áit a dtagann deireadh le lánaí tosaíochta bus. Ó Shráid Cuffe go Sráid an Dáma, feadh Chnoc Réamainn, Shráid Aungier agus Shráid Sheoirse Mhór Theas, áit a nascfaidh an CBL leis an gcóras bainistíochta tráchta atá i réim i lár na cathrach, beidh lána tráchta agus raon rothar sa dá threo ar an mbealach.

Sna hailt seo a leanas, déanfar cur síos mionsonraithe ar gach píosa den CBL agus luafar na príomhleasuithe dearaidh atá curtha san áireamh sa dearadh ó foilsíodh an Bealach is Dealraithí a Roghnófar i mí Eanáir 2019.

## 2.2 Bóthar an Gharráin Chnó go Bóthar Thír an Iúir Thuaidh – Bóthar an Gharráin, Bóthar Ráth Fearnáin

Cuirfear tús leis an CBL ag acomhal Bhóthar an Gharráin agus Ascaill an Gharráin Chnó, áit a nascfaidh sí le Scéim Rothaíochta Bhóthar an Gharráin. Idir an t-acomhal sin agus acomhal Chéide Thaobh an Chaisleáin, tá sé beartaithe lána bus amháin, lánaí do thrácht ginearálta agus raonta rothar a chur ar fáil sa dá threo, mar a mhol an Bealach is Dealraithí a Roghnófar. Chun spás a dhéanamh do leagan amach an bhóthair, beartaítear úsáid theoranta a bhaint as tógáil talún ó na réadmhaoine seo a leanas:

- Réadmhaoine príobháideacha i bhforbraíocht Choill Ráth Fearnáin;
- Rathfarnham Credit Union; and
- Comhar Creidmheasa Ráth Fearnáin; agus Spás Glas i bPáirc Chaisleán Ráth Fearnáin;.

Comhar Creidmheasa Ráth Fearnáin; agus Spás Glas i bPáirc Chaisleán Ráth Fearnáin;. I moltaí an Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar, moladh talamh a thógáil ó fhorbraíocht Chúirt an tSráidbhaile. Tá an tógáil talún sin maolaithe, áfach, mar ghealll ar na hathruithe dearaidh atá déanta.

Ar an gcuid de Bhóthar Ráth Fearnáin idir Céide Thaobh an Chaisleáin agus Bóthar Pháirc na Dothra, níl an bóthar leathan go leor chun lána rothar a chur ar fáil sa dá threo in éineacht le lánaí do bhusanna agus trácht. Ina ionad sin, déantar foráil sa mholadh d'áis mhalartach rothaíochta a nascfar le hAscaill Mhuire, áit a gcuirfeadh Réiteach Ciúnaithe Bóthair i bhfeidhm.

Uaidh sin, táthar ag moladh dhá struchtúr a rachaidh trasna na Dothra Bige, ionas go bhféadfar raon roinnte do choisithe agus do rothaithe a chur isteach in aice leis an abhainn, raon a thiocfaidh le chéile le Glasbhealach na Dothra Bige atá beartaithe. Bheadh an áis sin nasctha le struchtúr nua droichid ag trasnú na Dothra Bige agus ag nascadh le Páirc Ráth an Dúin, áit a gcuirfear Réiteach Ciúnaithe Bóthair i bhfeidhm. Moltar go nascfaidh an áis le Bóthar Ráth Fearnáin ag an acomhal le Páirc Ráth an Dúin, agus táthar á moladh le cur in ionad mholadh an Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar go gcuirfí rothaithe ar mhalairt slí go Mulláin Ghleanntán an tSrutháin. Thug aiseolas a fuarthas mar chuid den chéad bhabhta comhairliúcháin chomh maith le faisnéis ó shuirbhéireacht thopagrafach le fios gur caolas suntasach bóthair a bheadh sa nasc le Mulláin Ghleanntán an tSrutháin, agus rinneadh na hathruithe dearaidh seo dá bharr.

Tá sé beartaithe talamh a thógáil ó na réadmhaoine ar an dá thaobh den bhóthar chun go mbeidh go leor spáis do lánaí nua bus ar Bhóthar Ráth Fearnáin idir an tSráid Mhór agus Bóthar Pháirc na Dothra. Ní raibh i gceist le moladh an Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar ach go mbeadh tógáil talún ar an taobh thiar de Bhóthar Ráth Fearnáin idir Bóthar na Crannaí agus Páirc Ráth Fearnáin. Tugadh le fios, áfach, mar chuid d'fhaisnéis nua a fuarthas ón suirbhé topagrafach go gcruthófaí cabhsaí níos géire ar an taobh leathnaithe mura ndéanfaí ach aon taobh den bhóthar a leathnú. D'fhonn an fhadhb sin a mhaolú agus grádáin níos réidhe cabhsaí a bhaint amach, táthar ag moladh leibhéal an bhóthair a ardú, a d'imreodh tionchar ar réadmhaoine ar an dá thaobh den bhóthar. An réiteach cuí atá ann ná an tionchar sin a roinnt go cothrom idir an dá thaobh den bhóthar.

TChun an tosaíocht do bhusanna ar acomhal Bhóthar Pháirc Dothra agus Bhóthar Ráth Fearnáin a choinneáil, tá sé beartaithe Tosaíocht Faoi Rialú Soilse Tráchta a chur i bhfeidhm ag na bealaí isteach ó dheas agus ó thuaidh do dtí

an t-acomhal. Cuirfear Trasrianta Túcánacha isteach ag gach ceann de na ceithre bhealach isteach chun an acomhal a uasghrádú.

Tá sé beartaithe lána bus agus lána do thrácht ginearálta a choinneáil sa dá threo idir Bóthar Pháirc na Dothra agus Páirc Ráth an Dúin. Tá sé beartaithe tosaíocht do bhusanna a choinneáil idir Páirc Ráth an Dúin agus Bóthar Pháirc na dTor trí Thosaíocht Faoi Rialú Soilse Tráchta a chur i bhfeidhm sa dá threo agus scuainí tráchta a bhainistiú sa cheantar sin. Is laghdú é sin ar an trasghearradh i gcomparáid lena bhfuil mar chuid den Bhealach is Dealraithí a Roghnófar agus déanfar an tógáil talún ó réadmhaoine ina aice láimhe a laghdú dá bharr.

Tá sé beartaithe raonta rothar, lánaí bus agus lánaí tráchta a sholáthar sa dá threo ó Bhóthar Pháirc na dTor go Bóthar Thír an Iúir Thuaidh. Chun spás a dhéanamh do na lánaí nua bus sin ar an gcuid sin de Bhóthar Ráth Fearnáin, tá sé beartaithe talamh a thógáil ó na réadmhaoine in aice láimhe. Tá sonraí faoi sin le fáil in Aguisín an bhróisiúir seo. Ag acomhal Bhóthar Thír an Iúir Thuaidh, tá sé i gceist againn an lána bus atá ann faoi láthair agus an raon rothar atá beartaithe a shíneadh chomh fada le líne stop an acomhail. Bainfear úsáid as Tosaíocht Faoi Rialú Soilse Tráchta chun gluaiseachtaí busanna a bhainistiú ag an acomhal sin.

## 2.3 Bóthar Thír an Iúir Thuaidh go Bóthar Charleville – Bóthar Thír an Iúir Thoir, Bóthar Rath Garbh

Idir acomhal Thír an Iúir Thuaidh agus Eaglais Iósaif, tá sé beartaithe go mbeidh lána amháin do thrácht ginearálta sa dá threo. Bainfear úsaid as Tosaíocht Faoi Rialú Soilse Tráchta chun tosaíocht a thabhairt do bhusanna feadh an phíosa sin. Mar chuid den Bhealach is Dealraithí a Roghnófar, moladh go ndéanfaí forálacha do lána bus amach agus dhá lána do thrácht ginearálta ar an gcuid sin. Fuarthas amach ó fhaisnéis ón suirbhé topagrafach, áfach, nach bhféadfar sin a dhéanamh gan na cosáin atá ann cheana féin a chúngú go suntasach.

Tá sé beartaithe lána bus agus lána do thrácht ginearálta a chur ar fáil sa dá threo idir Eaglais Iósaif agus acomhal Ascaill Ráth Garbh. Moladh mar chuid den Bhealach is Dealraithí a Roghnófar go gcuirfear raon rothar sa dá threo idir Bóthar Fhir Arda agus Ascaill Ráth Garbh. Mar gheall ar na srianta feadh an phíosa sin den chonair ó thaobh an leithid de, áfach, táthar ag moladh anois áis malartach rothar a chur ar fáil a mbeidh raonta rothar sa dá threo feadh Bhóthar Thir an Iúir Thuaidh agus Bhóthar Chrois Araild mar chuid di, agus go nascfar iad le CBL Chamaí go Lár na Cathrach ag Crois Araild.

Tá sé beartaithe Tosaíocht Faoi Rialú Soilse Tráchta a chur i bhfeidhm chun tosaíocht do bhusanna a choinneáil tríd an acomhal ag Ascaill Ráth Garbh. Beidh gá le tógáil talún ar Bhóthar Thír an Iúir Thoir, idir Eaglais Iósaif agus Bóthar Brighton chun sin a dhéanamh. Tá faisnéis bhreise ar thógáil talún le fáil in Aguisín an bhróisiúir seo.

Tá sé beartaithe lánaí bus agus raonta rothar sa dá threo agus lána aontreo do thrácht ginearálta isteach amháin a chur ar fáil ar feadh Bhóthar Ráth Garbh. Moladh trácht dhá threo roimhe seo mar chuid den Bhealach is Dealraithí a Roghnófar. Beifear in ann rochtain áitiúil do chónaitheoirí ar Bhóthar Ráth Garbh agus ar na sráideanna taobh leis a choimeád leis an ngréasán áitiúil bóithre, ar Ascaill Ráth Garbh nó Bóthar Ráth Maonais Uachtarach, lena n-áirítear Ascaill Frankfort, Ascaill Leicester, Ascaill Garville, Bóthar Garville agus Bóthar an Ghoirt Aird. Tá sé beartaithe an cosc atá ann faoi láthair ar chasadh ar dheis ó Bhóthar Ráth Maonais Uachtarach go Bóthair an Ghoirt Aird, agus an cosc ar chasadh ar dheis ó Bhóthar an

Ghoirt Aird go Bóthar Ráth Garbh, a bhaint. Ní bheidh gá le talamh a thógáil ná crainn a bhaint ar Bhóthar Ráth Garbh mar thoradh ar na hathbhreithnithe dearaidh sin.

## 2.4 Bóthar Charleville go Sráid an Dáma

Mar chuid den chéad bhabhta comhairliúcháin, cuireadh dhá rogha i láthair mar chuid den Bhealach is Dealraithí a Roghnófar don phíosa sin den CBL, agus seo a leanas na roghanna sin;

**Rogha A** – Rotharbhealach ar an mbóthar trí Bhóthar Ráth Maonais, Sráid Richmond agus Sráid Camden Uachtarach, rotharbhealach a leanann Príomh-Rotharbhealach 10 agus a nascann le Príomh-Rotharbhealach 11. Cuireadh in iúl mar chuid den rogha sin freisin go ndéanfaí Rotharbhealach Tánaisteach 10 a fhorbairt ar feadh Shráid Camden agus Shráid Loch Garman, mar chuid den chéad chéim eile den phróiseas dearaidh.

**Rogha B** – Rogha B – Rotharbhealach i leataobh trí na taobhshráideanna in aice le Bóthar Ráth Maonais, ar a mbeidh trasrian nua trasna na canála agus rotharbhealach ciúin trí Shráid an Mháirtínigh, Sráid Stamer, Sráid Heytesbury agus Sráid Bhríde Nua.

De thoradh ar chúiseanna imní a tarraingíodh anuas mar le linn na chéad chéime den comhairliúchán, táthar ag moladh faoi láthair lána aonair isteach do bhusanna, dhá lána do thrácht ginearálta agus raonta rothar a sholáthar idir Bóthar Charleville agus Ascaill Fhiodh an Chaisleáin. Táthar ag moladh lána do thrácht ginearálta agus raon rothar sa dá threo idir Ascaill Fhiodh an Chaisleáin agus Bóthar an Gharráin, chomh maith le Geata Bus a sholáthar idir An Bóthar Míleata agus Cnoc Richmond, a dhéanfaidh gluaiseachtaí an tráchta ghinearálta a shrianadh. Fágann an tóra sin go bhféadfar leithid na gcosán i Ráth Maonais a mhéadú píosa, agus raonta rothar 2m ar leithead a sholáthar sa dá threo tríd an sráidbhaile.

Ar Shráid Richmond Theas, tá sé beartaithe an lána do thrácht atá amach a choinneáil chomh maith le lána bus agus raonta rothar sa dá threo.

Go díreach ó dheas ó acomhal Shráid Harrington/Bhóthar Fhearchair/Shráid Richmond Theas, tá sé i gceist lána bus sa dá threo agus gan aon lána do thrácht ginearálta a bheith ann.

Ar Shráid Camden idir Bóthar Fhearchair agus Bealach Charlotte, beartaítear lána bus amháin sa dá threo, dhá lána don trácht ginearálta isteach, chomh maith le lána rothar isteach, a chur ar fáil. Idir Sráid Grantham agus Sráid Cuffe, beartaítear lána bus a chur ar fáil sa dá threo agus lána aonair do thrácht ginearálta amach. Is athrú é sin ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar, ina ndearnadh foráil do thrácht dhá threo ar an bpíosa sin de Shráid Camden. De réir an mholta seo, dhéanfaí trácht isteach a atreorú go Sráid Fhearchair le dul go Sráid Cuffe agus níos faide fós.

Idir Sráid Cuffe agus Sráid an Dáma, tá sé i gceist lána amháin do thrácht ginearálta agus lána rothar amháin a chur ar fáil sa dá threo. Ní chuirfear aon lána bus ar fáil ar an bpíosa sin den bhealach. Más féidir, coinneofar na bánna páirceála agus lódála sráide atá ann cheana. Nascann an CBL leis an ngréasán bóithre atá ann cheana ar Shráid an Dáma.

Déanfar bearta bainistíochta tráchta – amhail srian a chur ar chasadh ag acomhail, nó bóithre a dhúnadh– a mheas in áiteanna oiriúnacha ar shráideanna cónaithe teorantacha chun cosc a chur ar thréthrácht de bheith ag dul ar mhalairt slí ar bhealach míchuí.


## 2.5 Príomhathruithe ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar a Foilsíodh

- Táthar ag moladh rotharbhealach malartach cois na Dothra Bige i Ráth Fearnáin, a chruthóidh nasc le Glasbhealach na Dothra atá beartaithe, agus a nascfaidh le Bóthar Ráth Fearnáin arís ag Páirc Ráth an Dúin. Déanfaidh sin an gá le tógáil talún ar Bhóthar Ráth Fearnáin a laghdú agus ciallaíonn sé nach mbeidh aon ghá le háiseanna malartacha rothaíochta trí Mhulláin Ghleanntán an tSrutháin.
- Tá an tógáil talún ar Bhóthar Ráth Fearnáin idir Bóthar Ghleanntán an tSrutháin agus Páirc Ráth Fearnáin roinnte idir an dá thaobh den bhóthar. Tá leibhéal an bhóthair ardaithe chun cabhsaí géara a sheachaint.
- Táthar ag moladh Tosaíocht Faoi Rialú Soilse Tráchta idir Páirc Ráth an Dúin agus Bóthar Pháirc na dTor, moladh a dhéanfaidh an tógáil talún feadh an phíosa sin a laghdú.
- Táthar ag moladh Tosaíocht Faoi Rialú Soilse Tráchta trí Shráidbhaile Thír an Iúir ionas go gcuirfear isteach a laghad agus is féidir ar pháirceáil agus ar lódáil. Fágfaidh sin go mbeifear in ann feabhsuithe a chur i bhfeidhm ar an Réimse Uirbeach fosta.
- Táthar ag moladh áiseanna malartacha rothaíochta ar Bhóthar Thír an Iúir Thuaidh agus ar Bhóthar Chrois Araild, áiseanna a thiocfaidh le chéile le CBL Chamaí ag Crois Araild. Níl áiseanna rothaíochta beartaithe ar Bhóthar Thír an Iúir Thoir, a dhéanfaidh an tionchar ar chrainn agus ar réadmhaoine a laghdú.
- Táthar ag moladh Tosaíocht Faoi Rialú Soilse Tráchta trí Shráidbhaile Ráth Garbh ionas go gcuirfear isteach a laghad agus is féidir ar pháirceáil agus ar lódáil. Fágfaidh sin go mbeifear in ann feabhsuithe a chur i bhfeidhm ar an Réimse Uirbeach fosta.
- Táthar ag moladh lána aon treo do thrácht ginearálta isteach ar Bhóthar Ráth Garbh. Ní bheidh gá le tógáil talún dá bharr sin.
- Tá dhá lána do thrácht ginearálta agus raonta scartha rothar sa dá threo á moladh trí Shráidbhaile Ráth Maonais agus beidh Geata Bus idir an Bóthar Míleata agus Cnoc Richmond chun tosaíocht a thabhairt do bhusanna. Fágfaidh sin go mbeifear in ann cosáin níos leithne a bheith ann tríd an sráidbhaile.
- Tá córas tráchta aontreo agus raonta scartha rothar á moladh ar Shráid Camden idir Bealach Charlotte agus Sráid Cuffe. Déanfaidh sin na háiseanna rothaíochta a fheabhsú agus lódáil tráchtála a choinneáil san am céanna nuair is féidir.

## 2.6 Príomhfhíricí

- Garlíon na réadmhaoine a bhféadfadh tionchar a bheith orthu **109**
- Garlíon na spásanna ainmnithe páirceála sráide a d'fhéadfaí a chailleadh: **60**
- Garlíon na gcrann ar thaobh an bhóthair a d'fhéadfaí a bhaint: **60***
- Fad measta an bhealaigh: **6.2kms**
- Fad measta an rotharbhealaigh nua: **7.8kms**
- Fad turais bus faoi láthair: **up to 75 mins**
- Fad turais BusConnects: **25-30 mins**
- Fad turais bus sa todhchaí gan BusConnects: **90 mins +**

*Ní áirítear leis na figiúirí seo achair a bhfuil méid suntasach crann iontu nach bhfuil suirbhé topagrafach ar fáil dóibh, lena n-áirítear crainn a bhféadfadh tionchar a bheith orthu ar thailte Chaisleán Ráth Fearnáin, chomh maith leis na Trasrianta atá beartaithe thar an Dothra Bheag agus an Dothra.



# 3. Conas páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí

Cuireann an bróisiúr seo sonraí ar fáil maidir leis an Rogha Bealaigh don chonair bus lárnach seo. Tá na moltaí seo faoi réir dara babhta de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil, chomh maith le haon mhionleasú deartha agus measúnacht tionchair timpeallachta a d'fhéadfadh tarlú ina dhiaidh sin, sula gcuireann an tÚdarás Náisiúnta Iompair iarratas foirmiúil reachtúil isteach chuig an mBord Pleanála lena cheadú.

## 3.1 Ceisteanna ginearálta

Tá rannán tiomnaithe ar shuíomh gréasáin an tionscadail www.busconnects.ie ina bhfuil eolas faoi Thionscadail na gConairí Bus Lárnacha. Tá gach ceann de na bróisiúir roimhe seo maidir leis na bealaí is dealraithí a roghnófar ar fáil ar an suíomh gréasáin.Féadfaidh úsáideoirí dul ar an suíomh chun tuilleadh a fhoghlaim faoin tionscadal agus cóipeanna de na príomhdhoiciméid a íoslódáil.

Is féidir ceisteanna ginearálta a dhíriú chuig líne fóin thiomnaithe Uimhir Shaorghlao - **1800 303 653** nó a chur ar ríomhphost chuig **cbc@busconnects.ie**

## 3.2 Conas páirt a ghlacadh

We are inviting submissions in relation to the Preferred Route Options set out in this document. The closing date for submissions is stated on the website.

Written submissions and observations may be made by:

cbc@busconnects.ie

Core Bus Corridor Project
Údarás Náisúnta Iompair,
Dún Scéine,
Lána Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2
D02 WT20


## 3.3 Cad a tharlóidh ina dhiadh sin?

Tar éis an dara babhta den chomhairliúchán poiblí, cuirfidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair na Roghanna don Bhealach is Dealraithí a Roghnófar i gcrích le haghaidh gach ceann de na sé chonair déag. Críochnófar na dearaí scéime agus cuirfear na measúnachtaí tionchair iompair agus timpeallachta i gcrích. Sa deireadh, ullmhófar Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT) don scéim in éineacht le sonraí faoin talamh a bheidh le fáil. Cuirfear isteach chuig an mBord Pleanála é sin le linn R4 2020 lena bhreithniú agus le cinneadh a dhéanamh faoi. Tabharfar faoi phróiseas comhairliúcháin fhoirmiúil reachtúil mar chuid den phróiseas sin.




# 4. Aguisíní


Treoir-léarscáileanna
Léarscáileanna bealaigh





TABHAIR FAOI DEARA: Níl sa Rogha Bealaigh léirithe sna léarscáileanna a leanann ach sampla agus beidh sé faoi réir athraithe i ndiaidh an phróisis chomhairliúcháin agus mar chuid den phróiseas forbartha deartha.


## Index Map Continued





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.
ST MARY'S BOYS NATIONAL SCHOOL
GRANGE ROAD
LORETO TERRACE
BYPASS FOR CYCLISTS
Tie into future Grange Road Cycle Route Scheme
PROPOSED SCHEME
Tie into Existing
NEW TOUCAN CROSSING
IMPACT ON TREES IN THIS AREA TO BE DETERMINED ON REVIEW OF TOPOGRAPHICAL SURVEY
NUTGROVE AVENUE
RATHFARNHAM WOOD
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH

## MAP 2: Preferred Route






© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.
REFER TO MAP 21 FOR CONTINUATION
PROPOSED NEW PEDESTRIAN & CYCLE BRIDGE ACROSS RIVER DODDER
QUIET STREET TREATMENT
IMPACT ON TREES IN THIS AREA TO BE DETERMINED ON REVIEW OF TOPOGRAPHICAL SURVEY
BROOKVALE DOWNS
RIVER DODDER
BUS PRIORITY SIGNAL
RATHFARNHAM ROAD
BUS STOP 1333 RELOCATED
RATHFARNHAM PARK
TOUCAN CROSSINGS
DODDER PARK ROAD
DODDER ROAD LR
DODDER GREENWAY
SAINT AGNES TERRACE
BUS STOP 1334 REMOVED
PEARSE BRIDGE
WESTBOURNE ROAD
DODDER ROAD LOWER
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m FOOTPATH

## MAP 5: Preferred Route




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved. Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.




## MAP 7: Preferred Route





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.

## MAP 8: Preferred Route





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.


SuperValu






© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.



LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
SPIRE VIEW LANE
GROSVENOR ROAD
SPIRE VIEW LANE
RATHGAR ROAD
RATHGAR PLACE
RATHMINES PARK
YORK AVENUE
NO RIGHT TURN SIGN (RUS 012)
EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
NO LEFT TURN SIGN (RUS 013)
ONE WAY INBOUND GENERAL TRAFFIC LANE
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
1.5m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
1.5m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH
© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.


LANA
BUS

## MAP 11: Preferred Route





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.
DIRECTION / INFORMATION SIGNS TO BE PROVIDED INDICATING CASTLEWOOD AVENUE TO BE UTILISED FOR RESIDUAL CITY CENTRE INBOUND TRAFFIC
EXISTING NO RIGHT TURN SIGN (RUS 012)
BUS PRIORITY SIGNAL
EXISTING NO RIGHT TURN SIGN (RUS 012)
EXISTING NO LEFT TURN SIGN (RUS 013)
CYCLE PARKING TO BE RETAINED
NO LEFT TURN SIGN (RUS 013)
CYCLE PARKING TO BE RETAINED
WYNNEFIELD ROAD
SWANVILLE PLACE
LEINSTER SQUARE
LEINSTER ROAD
WILLIAMS PARK
RATHMINES ROAD
RATHMINES ROAD LOWER
SWAN CENTRE
CASTLEWOOD AVENUE
PARKER HILL
ARDEE ROAD
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.
ARDEE ROAD
MILITARY ROAD
LISSENFIELD
WILLIAMS PARK
PARKER HILL
OBSERVATORY LANE
RICHMOND HILL
RATHMINES ROAD LOWER
NO LEFT TURN SIGN (RUS 013)
EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
NO STRAIGHT AHEAD (RUS 011)
CYCLE PARKING TO BE RETAINED
BUS STOP 1019 REMOVED
PROPOSED BUS GATE HERE, NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH






© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.
ARDEE ROAD
Bus Gate at the junction of Military Road and Rathmines Road Lower
MILITARY ROAD
LISSENFIELD
WILLIAMS PARK
PARKER HILL
OBSERVATORY LANE
RICHMOND HILL
RATHMINES ROAD LOWER
NO LEFT TURN SIGN (RUS 013)
EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
NO STRAIGHT AHEAD (RUS 011)
CYCLE PARKING TO BE RETAINED
BUS STOP 1019 REMOVED
PROPOSED BUS GATE HERE, NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
RICHMOND MEWS
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
BAR SCALE
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH



LÁNA BUS
LÁNA BUS
EXCEPT BUSES
BUS

## MAP 14: Preferred Route






© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.
RICHMOND STREET SOUTH
CAMDEN STREET UPPER
LENNOX STREET
HARRINGTON STREET
GRANTHAM STREET
GORDON PLACE
HARCOURT ROAD
CHARLOTTE WAY
SYNGE PLACE
GRANTHAM PLACE
EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
NO LEFT TURN SIGN (RUS 013)
NO RIGHT TURN SIGN (RUS 012)
EXISTING NO RIGHT TURN SIGN (RUS 012)
EXISTING NO STRAIGHT AHEAD (RUS 011)
EXISTING NO LEFT TURN SIGN (RUS 013)
BUS ONLY SIGNAL
BUS PRIORITY SIGNAL
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
TYPICAL CROSS SECTION
2.2m FOOTPATH
1.5m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.
GRANTHAM STREET
PLEASANTS STREET
CAMDEN ROW
LIBERTY LANE
CAMDEN STREET LOWER
WEXFORD STREET
CAMDEN PLACE
MONTAGUE STREET
PROTESTANT ROW
MONTAGUE COURT
CUFFE STREET
MONTAGUE PLACE
EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
NO LEFT TURN SIGN (RUS 013)
EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
NO RIGHT TURN SIGN (RUS 012)
EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
NO RIGHT TURN SIGN (RUS 012)
EXISTING NO RIGHT TURN SIGN (RUS 012)
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
TYPICAL CROSS SECTION
3.4m FOOTPATH
2.0m CAR PARKING SPACES
1.5m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
0.8m Buffer
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
1.5m CYCLE TRACK
0.8m Buffer
2.0m CAR PARKING SPACES
3.0m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY
(POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
DIT KEVIN STREET
KEVIN STREET LOWER
LANE
BISHOP STREET
PETER ROW
PETER STREET
WHITEFRIAR PLACE
REDMOND'S HILL
AUNGIER STREET
LONGFORD LANE
LONGFORD STREET GREAT
DIGGES STREET UPPER
GRAFTON HALL
(APTS)
AUNGIER LANE
AUNGIER PLACE
SHERBORNE
(APTS)
YORK STREET
GLOVERS
COURT
BOW LANE EAST
LONGFORD STREET LITTLE
CUFFE STREET
GUE COURT
MERCER STREET UPR
EXISTING
NO RIGHT
TURN SIGN
(RUS 012)
EXCEPT BUSES,
TAXIS AND BICYCLES
EXISTING
NO LEFT
TURN SIGN
(RUS 013)
CHURCH LANE SOUTH
WHITEFRIAR STREET
MERCER STREET UPPER
DIGGES LANE
Car Park
Church


## MAP 18: Preferred Route







© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.

## MAP 20: Preferred Route





# MAP 21: Preferred Route







## MAP 22: Preferred Route





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.
TERENURE ROAD NORTH
HAROLD'S CROSS ROAD
ASHDALE ROAD
BRIGHTON SQUARE
ST ENDA'S ROAD
MOUNT TALLANT AVE.
ALTERNATIVE CYCLE ROUTE
ALTERNATIVE CYCLE ROUTE
SAINT ENDA'S ROAD
BRIGHTON GREEN
MOUNT TALLANT AVENUE
ASHDALE PARK
Tennis Ground
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH

## MAP 24: Preferred Route




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.
KENNELWORTH PARK
HAROLD'S CROSS ROAD
LEINSTER ROAD
LEINSTER ROAD WEST
ALTERNATIVE CYCLE ROUTE
PROPOSED SCHEME
Tie in to Kimmage Scheme
PROPOSED SCHEME
Tie in to Kimmage Scheme
WILFRID ROAD
WILFRID TERRACE
TIVOLI AVENUE
Credit Union
Our Lady of the Rosary Catholic Church
Century House
KENILWORTH LANE WEST
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY
(POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH
© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.
Tie in to Kimmage Scheme
PROPOSED SCHEME
HAROLD'S CROSS ROAD
LEINSTER ROAD
Greyhound Race Track
Stadium
Car Park
BAR SCALE
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Údarás Náisúnta Iompair,
Dún Scéine,
Lána Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2
D02 WT20

Project Ireland 2040
Building Ireland's Future